

Socrúchán Scoile, Bl. 1, Bealtaine 2021

Nóta Eolais don mhúinteoir

A mhúinteoir,

Mo bhuíochas leat as do rang a chur ar fáil do mhic léinn Bl 1 don Socrúchán Scoile seo. Tá Coláiste Mhuire gan Smál thar a bheith buíoch díot as ucht a bheith toilteanach ábhar-múinteoir, ach go háirithe mic léinn sa Chead Bhlian, a thógáil isteach id' rang agus gach duine ag obair faoi srianta an Covéid. Is 'ar líne' tá na mic léinn i mbliana agus beidh an socrúchán a gcéad taithí foghlama duine ar dhuine agus mar sin táid ag súil go mór leis. Gan amhras, ní mór dóibh cloí le polasaí na scoile ó thaobh Covéid agus treoirínte sláinte phoiblí comh maith.

Faoi iamh tá sampla de na treoirínte ginearálta a tugtar do mhic léinn agus is ar mhaithe le do chuid eolais féin amháin a tugtar duit iad.

Léiríonn an **Sceideal Teagaisc** céard a bheidh faoi bhun ag na mic léinn gach lá. Tosaíonn said le laethanta breathnóireachta/ cuideachta agus nuair a thosaíonn said ag múineadh tagann meadú ar líon a gceachtanna a mhúineann said de réir a chéile. **Portfóilió Comhairliúcháin agus Breathnóireachta:** Pléfidh na mic léinn tascanna breathnóireachta agus na ceachtanna a mhúinfidh said leatsa. Ní mór dóibh na tascanna seo a phlé leatsa roimh iad a dhéanamh agus nuair a bheidh said déanta acu. Maidir le ceachtanna, faigheann na mic léinn nótaí ullmhaithe ag leachtóirí i n-ábhair éagsúla agus i gcinn eile, déanann said a nótaí féin.

Aiseolais an mhúinteora: De ghnáth is cabhair mór do na mic léinn aiseolas neamh-fhoirmiúil a fháil ón mhúinteoir ranga. I mbliana, gan cuairteanna scoile a bheith á dhéanamh an na feitheoirí, tá tábhacht faoi leith ag baint leis an gcaidrimh seo. Iarrtar ar na mic léinn do-moltaí a thógaint san aireamh. Tá bileogí breise ar seo ar an suíomh gréasáin, iad bunaithe ar na ceanteidil seo a leanas chun an plé leis an mac léinn a threorú: **Pleanáil agus Ullmhúchán, Bainistíocht Ranga, Straitéis do Theagasc, d'Fhoghlaim agus Measúnacht agus Cáilíochtaí Pearsanta agus Gairmiúlacht.** Mar aithint go bhfuil curam agus foghlaim na bpáistí an ghnéith is tábhactaí sa rang, iarrtar ar mhúinteoirí imní maidir le cleachtadh nó iompar gairmiúil na mic léinn a thabhairt chun aire an fheitheora a luaithe agus is féidir.

Cur chuige Gairmiúil: Iarrtar ar mhic léinn iad féin a chur i láthair ar bhonn atá oiriúnach don suíomh scoile agus do ghnáth nósanna agus d'éiteas na scoile, a bheith in am agus a bheith ullamh chun dul i mbun teagaisc ó thús an lae scoile. Iarrtar ar mhic léinn fóin-phóca a mhúchadh i rith am ranga. Iarrtar orthu socruithe maidir le fótachóipeáil a shoiléiriú agus táthar tar éis iarradh orthu gan iarradh ortsa, an múinteoir ranga, ábhair a fótachóipeáil. Ba chóir go bpléifeadh mic léinn úsáid ábhair uile an ranga agus áiseanna na scoile leat agus tá sé de dhualgas orthu fanacht sa scoil don lá scoile uile.

Ná bíodh leisce ort teagmháil a dhéanamh liom sa chás go bhfuil aon cheist agat faoin Socrúchán seo i rith an tréimhse.

Go raibh míle maith agat,

Neil Ó Conaill

Dr. Neil Ó Conaill. (neil.oconaill@mic.ul.ie)

Stiurthóir Taithí Scoile.

23 Márta, 2021.